**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2014 (OR. en)**

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach: 2013/0165 (COD)**

**9605/14**

**LIMITE**

**ENT 119**
**MI 411**
**CODEC 1233**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. roime seo: | 9015/14 ENT 113 MI 379 CODEC 1118 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11124/13 ENT 194 MI 558 CODEC 1506 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chineálcheadaithe chun an córas uathGhlao éigeandála a chur in úsáid agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE<br>- Cur chuige ginearálta (*)<br>(*) Agus Cur Chuige Ginearálta á ghlacadh tar éis do Pharlaimint na hEorpa a seasamh a ghlacadh ar an gcéad léamh, níl an Chomhairle ag gníomhú de réir bhrí Airteagal 294(4) agus (5) CFAE. |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 13 Meitheamh 2013, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, mar aon le togra le haghaidh Cinnidh faoi seach[1], chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa. Dírítear leis an dá thogra ar an tseirbhís glao éigeandála bunaithe ar an gcóras 112 (Glao éigeandála) a chur in úsáid ar fud an Aontais.

[1] Togra le haghaidh Cinnidh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGlao éigeandála idir-inoibritheach ar fud AE a chur in úsáid (11159/13 TRANS 338 CODEC 1516).

2. Leagtar síos sa togra le haghaidh Rialacháin na forálacha lena mbaineann na ceanglais cineálcheadaithe maidir leis an gcóras uathGhlao éigeandála a úsáid. Ceanglaítear leis go dtógfar cineálacha nua gluaisteáin phaisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma lena áirithiú go gcuirfear glao éigeandála ar an uimhir éigeandála 112 go huathoibríoch nó de láimh i gcás timpiste thromchúisí. Mar gheall ar chineál na faisnéise dá bhforáiltear leis an tseirbhís seo, leagtar síos leis an togra na rialacha le haghaidh príobháideachta agus cosanta sonraí freisin.

3. D'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 19 Meán Fómhair 2013.

4. Chuir an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí a tuairim faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa an 29 Deireadh Fómhair 2013.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa (rapóirtéir Olga SEHNALOVA, S&D, CZ) a seasamh ar an gcéad léamh an 26 Feabhra 2014.

6. Scrúdaigh an Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an togra ag sé chruinniú, agus bhí cúig cinn de na cruinnithe sin ar siúl le linn na hUachtaránachta reatha. Ag an gcruinniú deireanach a bhí ag an Meitheal an 7 Bealtaine 2014, tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta reatha, agus níor fágadh mórán saincheisteanna fós le réiteach.

7. Idir an dá linn ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir leis an nGlao éigeandála idir-inoibritheach ar fud AE a chur in úsáid an 8 Bealtaine 2014 (8493/14 TRANS 197 CODEC 995 PE 237).

## II. PRÍOMHATHRUITHE AR AN TÉACS

8. Leasaigh an Mheitheal maidir le Comhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an téacs ón gCoimisiún mar a leanas:

   A. Soiléiriú maidir leis an ábhar (Airteagal 1)

   Chun tuairisc níos fearr a thabhairt ar ábhar an Rialacháin, luadh freisin gur bhain sé le córais, comhchodanna agus aonaid theicniúla faoi leith i ndáil le Glao éigeandála.

B. Soiléiriú ar dhíolúintí (Airteagal 2 agus Iarscríbhinn)

Sonraíodh go mbeidh feithiclí a tháirgtear i sraitheanna teoranta, feithiclí a cheadaítear ina n-aonair agus feithiclí nach fhéadfar córas Glao éigeandála a fheistiú iontu díolmhaithe ó raon feidhme an Rialacháin.

C. Sainmhínithe nua a chur isteach (Airteagal 3)

Cuireadh roinnt sainmhínithe nua isteach sa téacs le téarmaí a chumhdach agus a shoiléiriú, ar téarmaí iad a úsáidtear sa Rialachán nó a fhéadfar a úsáid amach anseo i ngníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme. Cuireadh sainmhínithe a bhaineann le seirbhísí tríú páirtithe isteach fosta.

D. Seirbhísí tríú páirtithe a d'fhéadfadh a bheith ann (Airteagal 5)

Cuireadh foráil shonrach isteach san Airteagal seo, ar Airteagal é a bhaineann le hoibleagáidí monaróirí, ina n-ordaítear go bhféadfaidh úinéirí feithiclí leas a bhaint as seirbhís tríú páirtí chomh maith le córas Glao éigeandála bunaithe ar 112.

E. Comhoiriúnacht le córais loingseoireachta satailíte (Airteagal 5)

Soiléiríodh go bhféadfaidh na monaróirí, i dtaca le córas Galileo agus córas EGNOS, a roghnú go mbeidh glacadóirí a gcóras Glao éigeandála comhoiriúnach le córais loingseoireachta satailíte eile freisin.

F. Rochtain na n-oibreoirí neamhspleácha (Airteagal 5)

Sonraíodh gur cheart go mbeadh rochtain ag oibreoirí neamhspleácha ar an gcóras Glao éigeandála a bhunaítear ar an gcóras 112 agus ar an gcóras seirbhíse tríú páirtí le haghaidh deisiúcháin agus cothabhála i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) 715/2007.

G. Rialacha maidir le próiseáil sonraí (Airteagal 6)

Cuireadh foráil speisialta isteach maidir le neamhchoinneáil sonraí níos faide ná an tréimhse a bhfuil gá leis ar mhaithe le feidhmiú chóras an Ghlao éigeandála. Sonraíodh freisin nár cheart sonraí mar sin a úsáid chun aon críoch eile.

H. Gníomhartha cur chun feidhme (Airteagal 9a agus 9b)

Siocair gur cinneadh gur cheart don Choimisiún ceanglais mhionsonraithe maidir le cosaint sonraí a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme seachas gníomhartha tarmligthe, cuireadh Airteagal 9a agus 9b isteach le raon feidhme na ngníomhartha cur chun feidhme agus an nós imeachta coiste ábhartha a shoiléiriú.

I. Dáta cur chun feidhme (Airteagal 12)

Socraíodh an dáta cur chun feidhme ag 36 mí tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm.

J. Leasú ar an Iarscríbhinn

Leasaíodh an Iarscríbhinn le foráil a dhéanamh do dhíolmhú catagóirí áirithe feithiclí.

## III. SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS LE RÉITEACH

9. Cé go bhfuil téacs reatha an Rialacháin inghlactha i gcoitinne ag na toscaireachtaí, tá fós líon teoranta forchoimeádas agus moltaí maidir le dréachtú ann.

a) tá forchoimeádas ginearálta ag toscaireacht amháin maidir le seirbhísí tríú páirtithe, measann siad nár cheart seirbhísí tríú páirtithe a lua ar chor ar bith sa Rialachán seo, tá forchoimeádas ag an toscaireacht seo maidir le hAirteagal 5(2a)(b) freisin.

b) molann toscaireacht amháin an focal "buan" in Airteagal 6(1) a scrios.

## IV. CONCLÚIDÍ

10. **Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe mar sin an méid a leanas a dhéanamh:**

- **na saincheisteanna atá fós ann a léirítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo a scrúdú agus a réiteach, agus**
- **téacs leasaithe an togra a chur ar aghaidh chuig an gComhairle chun go dtiocfar ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta.**

**IARSCRÍBHINN**

2013/0165 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le ceanglais chineálcheadaithe chun an córas uathGhlao éigeandála a chur in úsáid agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Bunaíodh córas cuimsitheach cineálcheadaithe an Aontais le haghaidh mótarfheithiclí le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 maidir le creat a bhunú chun mótarfheithiclí agus a leantóirí a cheadú, mar aon le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla scartha a ceapadh le haghaidh feithiclí dá leithéidí ("Treoir Réime")[3].

---

[2] IO C […], […], lch. […].
[3] IO L 263, 9.10.2007, lch. 1.

(2) Rinneadh comhchuibhiú ar na ceanglais theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí ó thaobh roinnt eilimintí sábháilteachta agus comhshaol de ar leibhéal an Aontais d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre a áirithiú ar fud an Aontais.

(3) D'fhonn feabhsú breise a bhaint amach sa tsábháilteacht ar bhóithre, tá bearta nua beartaithe sa Teachtaireacht "Glao éigeandála: Am don Chur in Úsáid"[4] chun borradh a chur faoi chur in úsáid sheirbhís uathghlao éigeandála san Aontas. Is é ceann de na bearta atá molta feistiú chóras uathGhlao éigeandála a bheith éigeantach i **ngach cineál** feithiclí nua, ag tosú leis na feithiclí i gcatagóir M1 agus i gcatagóir N1 arna sainiú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE.

(4) An 3 Iúil 2012, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa an Tuarascáil maidir le Glao éigeandála: seirbhís nua 112 do shaoránaigh[5], a ghríosaigh an Coimisiún chun togra a chur isteach laistigh de chreat Threoir 2007/46/CE d'fhonn a áirithiú go gcuirfí córas Glao éigeandála poiblí bunaithe ar an gcóras 112 in úsáid go héigeantach faoi 2015.

(5) Táthar ag súil leis go laghdóidh córas Glao éigeandála an Aontais líon na mbásanna san Aontas chomh maith le déine na ngortuithe a tharlaíonn de dheasca timpistí bóthair. Agus an córas Glao éigeandála á thabhairt isteach go héigeantach, chuirfí an tseirbhís ar fáil do gach saoránach agus dá bhrí sin rannchuideodh sé le fulaingt daonna a laghdú agus costais chúram sláinte agus costais eile a laghdú chomh maith.

(6) Is gné riachtanach é faisnéis suite chruinn iontaofa a sholáthar le go bhfeidhmeoidh an córas uathGhlao éigeandála go héifeachtach. Dá bhrí sin, is iomchuí ceangal a leagan síos go mbeidh sé comhoiriúnach leis na seirbhísí arna soláthar ag cláir loingseoireacht satailíte, lena n-áirítear na córais a bunaíodh faoi na cláir Galileo agus EGNOS a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis na cláir Eorpacha um loingseoireacht satailíte (EGNOS agus Galileo) a chur chun feidhme tuilleadh[6].

(7) Ba cheart go mbeadh feidhm ag feistiú éigeantach feithiclí leis an gcóras uathGhlao éigeandála i leith **cineálacha** gluaisteán paisinéirí nua agus feithiclí tráchtála éadroma nua (catagóir M1 agus catagóir N1) amháin ar dtús, feithiclí lena bhfuil sásra truicéaraithe iomchuí ann dóibh cheana féin.

(8) Ba cheart go mbeadh feistiú éigeantach feithiclí leis an gcóras uathGhlao éigeandála gan dochar don cheart atá ag gach geallsealbhóir, amhail monaróirí gluaisteán agus oibreoirí neamhspleácha, seirbhísí breise éigeandála agus/nó seirbhís bhreisluacha a thairiscint, taobh leis an gcóras uathGhlao éigeandála atá bunaithe ar an gcóras 112 nó ag tógáil air. Ba cheart na seirbhísí breise seo a dhearadh chun nach méadóidh siad seachrán airde an tiománaí áfach.

---

4 COM (2009) 434 final.
5 2012/2056(INI).
6 IO L 196, 24.7.2008, lch. 1.

(9) D'fhonn rogha oscailte do chustaiméirí agus iomaíocht chothrom a áirithiú, chomh maith le nuálaíocht a spreagadh agus borradh a chur faoi iomaíochas thionscal teicneolaíochta faisnéise an Aontais ar an margadh domhanda, ba cheart go mbeadh rochtain gan idirdhealú ag gach oibreoir neamhspleách ar an gcóras uathGhlao éigeandála agus ba cheart go mbunófaí é ar ardán idir-inoibritheach agus rochtana oscailte i gcomhair uath-fheidhmchláir nó uathsheirbhísí féideartha amach anseo.

(10) D'fhonn iontaoibhe an chórais chineálcheadaithe a choinneáil, níor cheart go nglacfaí ach leis na córais uathGhlao éigeandála is féidir a thástáil go hiomlán chun críche an Rialacháin seo.

(11) Déantar feithiclí a tháirgtear i sraitheanna teoranta agus feithiclí a fhormheastar de bhun Airteagal 24 de Threoir 2007/46/CE a eisiamh ó na ceanglais maidir le háititheoirí a chosaint i gcás tuairte tosaigh agus i gcás tuairte cliathánaí. Dá bhrí sin, ba cheart na feithiclí sin a eisiamh ón oibleagáid na ceanglais a bhaineann leis an nGlao éigeandála a chomhlíonadh. **<u>Thairis sin, ní fhéadfar cuid de na feithiclí M1 agus N1 a fheistiú le sásra truicéaraithe iomchuí Glao éigeandála.</u>**

(12) Ba cheart feithiclí sainchuspóireacha a bheith faoi réir comhlíonta na ceanglais a bhaineann leis an nGlao éigeandála a leagtar amach sa Rialachán seo, i gcás ina bhfuil an bunfheithicil/an fheithicil neamhchríochnaithe feistithe leis an sásra truicéaraithe riachtanach.

(13) Ba cheart go gcomhlíonfadh aon phróiseáil ar shonraí pearsanta tríd an gcóras uathGhlao éigeandála na rialacha um chosaint sonraí pearsanta dá bhforáiltear i dTreoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[7] agus i dTreoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus cosaint príobháideachta san earnáil teileachumarsáide leictreonaí (Treoir maidir le príobháideacht agus le cumarsáid leictreonach)[8], go háirithe an ráthaíocht nach mbeidh feithiclí arna bhfeistiú le córas uathGhlao éigeandála inrianaithe, ina ngnáthstádas oibríochtúil a bhaineann leis an nGlao éigeandála atá bunaithe ar an gcóras 112, agus nach mbeidh siad faoi réir aon bhuan-rianaithe agus go mbeidh an íosfhaisnéis atá de dhíth chun na glaonna éigeandála a láimhseáil go hiomchuí san áireamh sa tacar íosta sonraí arna sheoladh ag an gcóras uathGhlao éigeandála. **<u>Tá an méid sin i gcomhréir leis na moltaí a rinne an Mheitheal um Chosaint Sonraí maidir le hAirteagal 29 agus atá sa 'Doiciméad oibre maidir le cosaint sonraí agus le himpleachtaí príobháideachta sa tionscnamh Glao éigeandála', a glacadh an 26 Meán Fómhair 2006 [9].</u>**

---

7 IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.
8 IO L 201, 31.7.2002, lch. 37.
9 1609/06/EN – WP 125.

**(13a)** **Ba cheart go gcuirfeadh monaróirí na bearta riachtanacha uile chun feidhme chun go gcomhlíonfar na rialacha maidir le príobháideacht agus le cosaint sonraí a leagtar amach sa Rialachán seo.**

(14) Tá caighdeáin chomhchoiteanna forbartha ag na Comhlachtaí Eorpacha um Chaighdeánú, ETSI agus CEN, chun seirbhís Ghlao éigeandála phan-Eorpach a chur in úsáid agus ba cheart feidhm a bheith acu chun críoch an Rialacháin seo, toisc go ndéanfaidh sé sin éabhlóid theicneolaíoch na seirbhíse uathGhlao éigeandála a éascú, idir-inoibritheacht agus leanúnachas na seirbhíse a áirithiú ar fud an Aontais agus na costais chur chun feidhme a laghdú don Aontas ina iomláine.

(15) D'fhonn a áirithiú go gcuirfear ceanglais chomhchoiteanna theicniúla i bhfeidhm i dtaca leis an gcóras uathGhlao éigeandála, ba cheart cumhacht a tharmligean don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil le feithiclí áirithe nó aicmí feithiclí i gcatagóir M1 agus i gcatagóir N1 a dhíolmhú ón oibleagáid córais uathGhlao éigeandála a shuiteáil agus ceanglais mhionsonraithe theicniúla agus tástálacha a bhunú d'fheithiclí cineálcheadaithe CE i ndáil lena gcórais uathGlao éigeandála agus le cineálcheadú CE maidir le córais, comhchodanna agus aonaid theicniúla faoi leith a ceapadh agus a tógadh d'fheithiclí mar sin. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

**(15a)** D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme maidir le bunú rialacha mionsonraithe i ndáil le cosaint príobháideachta, an nós imeachta maidir le cineálcheadú CE, córas uimhrithe na dteastas cineálcheadaithe, an teimpléad do dhoiciméid fhaisnéise, an teimpléad do theastais chineálcheadaithe CE agus an tsamhail do mharc chineálcheadaithe CE a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta maidir le sásraí chun go bhféadfaidh Ballstáit an Choimisiúin feidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme a rialú[10].

[10] **IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.**

(16) Ba cheat a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí feithiclí le dul in oiriúint do cheanglais theicniúla an Rialacháin seo.

(17) Is Rialachán nua ar leith an Rialachán seo i gcomhthéacs an nós imeachta cineálcheadaithe CE dá bhforáiltear i dTreoir 2007/46/CE, agus dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I, III, IV, VI agus XI a ghabhann leis an Treoir sin a leasú dá réir.

(18) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon an margadh inmheánach a bhaint amach trí comhcheanglais theicniúla a thabhairt isteach d'fheithiclí cineálcheadaithe nua arna bhfeistiú leis an gcóras uathGhlao éigeandála, a bhaint amach go leordhóthanach, agus gur fearr is féidir dá bhrí sin é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 de Chonradh an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Leis an Rialachán seo, bunaítear na ceanglais ghinearálta maidir le cineálcheadú CE feithiclí i ndáil le córais uathGhlao éigeandála, agus córais uathGhlao éigeandála, comhpháirteanna de agus aonaid theicniúla ar leithligh.

*Airteagal 2*
*Raon Feidhme*

<u>1.</u> Beidh feidhm ag an Rialachán seo i leith feithiclí i gcatagóir M1 agus i gcatagóir N1, mar atá sainmhínithe i bpointe 1.1.1 agus 1.2.1. de Chuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE agus le córais uathGhlao éigeandála, comhpháirteanna de agus aonaid theicniúla ar leithligh a ceapadh agus a tógadh d'fheithiclí den chineál sin.

**<u>Ní bheidh feidhm aige i leith na bhfeithiclí a leanas:</u>**

**<u>(a)</u>** **<u>feithiclí a tháirgtear i sraitheanna teoranta a formheasadh de bhun Airteagal 22 agus Airteagal 23 de Threoir 2007/46/CE;</u>**

**<u>(b)</u>** **<u>feithiclí a formheasadh de bhun Airteagal 24 de Threoir 2007/46/CE;</u>**

**<u>(c)</u>** **<u>feithiclí nach bhféadfar, ar chúiseanna teicniúla, a fheistiú le sásra truicéaraithe iomchuí Glao éigeandála, mar a chinntear i gcomhréir le mír 2.</u>**

**<u>2.</u>** **<u>Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 le feithiclí nó aicmí feithiclí i gcatagóir M1 agus i gcatagóir N1 a shainaithint ar chúiseanna teicniúla, ar feithiclí iad nach fhéadfar a fheistiú le sásra iomchuí truicéaraithe Glao éigeandála, ar bhonn anailíse costais/sochair a rinne an Coimisiún nó a shainordaigh an Coimisiún agus aird á tabhairt ar na gnéithe ábhartha sábháilteachta agus teicniúla uile.</u>**

**<u>Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoi [12 mí tar éis an dáta a dtiocfaidh siad i bhfeidhm].</u>**

*Airteagal 3*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo agus sa bhreis ar na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir 2007/46/CE, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

**(-3)** **ciallaíonn 'Glao éigeandála" uathghlao éigeandála chuig 112, a dhéantar go huathoibríoch trí uathbhraiteoirí a ghníomhachtú nó de láimh, ina mbeidh tacair íosta sonraí, lena mbunaítear cainéal fuaime idir an fheithicil agus pointe freagartha sábháilteachta poiblí (PFSP) an Ghlao éigeandála trí líonraí cumarsáide soghluaiste poiblí gan sreang;**

**(-2)** **ciallaíonn 'pointe freagartha sábháilteachta poiblí' (PFSP) an láthair fhisiciúil ina bhfaightear na glaonna éigeandála ar dtús, faoi fhreagracht údaráis phoiblí nó eagraíochta poiblí a aithníonn an Ballstát;**

**(-1)** **ciallaíonn 'PFSP' PFSP a shainaithin na húdaráis roimh ré le glaonna éigeandála ó réimse áirithe nó glaonna éigeandála de chineál áirithe a chumhdach;**

**(0)** **ciallaíonn 'PFSP an Ghlao éigeandála' an pointe freagartha sábháilteachta poiblí b'iomchuí, sainmhínithe roimh ré, ag na húdaráis a fuair agus a láimhseáil na Glaonna éigeandála den chéad uair;**

(1) ciallaíonn 'córas uathGhlao éigeandála' córas arna chur i ngníomh go huathoibríoch le huathbhraiteoirí nó de láimh, a iompraíonn, trí bhíthin líonraí cumarsáide soghluaiste poiblí gan sreang, tacar íosta sonraí caighdeánaithe agus a bhunaíonn cainéal fuaime bunaithe ar an gcóras 112 idir áititheoirí na feithicle agus PFSP an ghlao éigeandála;

(2a) ciallaíonn 'uath-threalamh' an trealamh laistigh den fheithicil lena dtugtar rochtain ar na uathshonraí a bheidh riachtanach leis an nGlao éigeandála a aistriú trí líonra cumarsáide soghluaiste poiblí gan sreang;

**(2b)** **ciallaíonn 'idirbheart Glao éigeandála' seisiún cumarsáide soghluaiste gan sreang a bhunú trasna líonra cumarsáide poiblí gan sreang agus tacar íosta sonraí a tharchur ó fheithicil go PFSP an Ghlao éigeandála agus cainéal fuaime a bhunú idir an fheithicil agus PFSP an Glao éigeandála céanna;**

**(2c)** **ciallaíonn 'tacar íosta sonraí' (TÍS) an fhaisnéis a shainítear leis na 'Córais chaighdeánacha iompair faisnéise - Sábháilteacht éigeandála - tacar íosta sonraí (TÍS) Glao éigeandála' (EN 15722:2011) a sheoltar chuig PFSP an Ghlao éigeandála;**

**(2d)** ciallaíonn 'líonra cumarsáide soghluaiste poiblí gan sreang' líonra cumarsáide soghluaiste gan sreang atá ar fáil don phobal i gcomhréir le Treoir 2002/21/CE[11] agus le Treoir 2002/22/CE[12] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

**(2e)** **ciallaíonn 'Glao éigeandála lena dtacaíonn seirbhísí tríú páirtí[13]' (Glao éigeandála STP) uathghlao éigeandála chuig soláthróir seirbhíse tríú páirtí (SSTP), a dhéantar go huathoibríoch trí uathbhraiteoirí nó de láimh, ar a n-iompraítear, trí líonraí cumarsáide poiblí soghluaiste gan sreang, an tacar íosta sonraí (TÍS) agus lena mbunaítear cainéal fuaime idir an fheithicil agus PFSP;**

**(2f)** **ciallaíonn 'soláthróir seirbhíse tríú páirtí' (SSTP) eagraíocht a aithníonn na húdaráis náisiúnta mar a bheith ceadaithe Glao éigeandála STP a fháil agus an tacar íosta sonraí (TÍS) a sheoladh chuig PFSP an Ghlao éigeandála;**

**(2g)** **ciallaíonn 'córas uathGlao éigeandála seirbhísí tríu páirtí' córas arna ghníomhachtú go huathoibríoch trí uathbhraiteoirí nó de láimh, a iompraíonn, trí bhíthin líonraí cumarsáide soghluaiste poiblí gan sreang, tacar íosta sonraí agus a bhunaíonn cainéal fuaime idir an fheithicil agus PFSP.**

11 **IO L 108, 24.4.2002, lch. 33.**
12 **IO L 108, 24.4.2002, lch. 51.**
13 RO: tá sí in aghaidh rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí tríú páirtithe sa Rialachán seo.

*Airteagal 4*

*Oibleagáidí ginearálta na Monaróirí*

Léireoidh monaróirí go bhfuil gach cineál nua feithicle dá dtagraítear in Airteagal 2 feistithe le córas uathGhlao éigeandála, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

*Airteagal 5*
*Oibleagáidí sonracha na Monaróirí*

1. Áiritheoidh monaróirí go ndéanfar a gcuid cineálacha nua feithiclí uile agus córais uathGhlao éigeandála, comhpháirteanna díobh agus aonaid theicniúla ar leithligh a ceapadh agus a tógadh d'fheithiclí den chineál sin a mhonarú agus a fhormheas i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán seo agus na gníomhartha arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

2. Léireoidh monaróirí go dtógtar a gcuid cineálacha nua feithiclí uile lena áirithiú go gcuirfear glao éigeandála ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach 112 go huathoibríoch i gcás timpiste tromchúisí a thiteann amach ar chríoch an Aontais agus a bhraitear nuair a chuirtear ceann amháin nó níos mó de bhraiteoirí nó de phróiseálaithe inmheánacha i ngníomh.

Léireoidh monaróirí go dtógtar cineálacha nua feithiclí lena áirithiú gur féidir Glao éigeandála a chur ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach 112 de láimh freisin.

**Áiritheoidh monaróirí go gceapfar truicear rialaithe de láimh don Ghlao éigeandála freisin chun míláimhseáil a sheachaint.**

**2a. Tá mír 2 gan dochar don cheart atá ag úinéir feithicle leas a bhaint as córas uathGhlao éigeandála STP a chuireann seirbhís chomhchosúil ar fáil, le cois an chórais uathGhlao éigeandála atá bunaithe ar an gcóras 112, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha go léir a leanas:**

**(a) go gcomhlíonfaidh an córas uathGhlao éigeandála STP caighdeán EN 16102:2011 'Córais Chliste Iompair - Glao éigeandála - Ceanglais oibríochta do thacaíocht ó thríú páirtí';**

**(b) go n-áiritheoidh monaróirí nach mbeidh ach córas amháin sa turas i ngníomh agus go ndéantar truicearú go huathoibríoch ar an gcóras uathGhlao éigeandála atá bunaithe ar an gcóras 112 i gcás nach bhfeidhmíonn an córas uathghlao éigeandála STP;** [14]

**(c) go n-áiritheoidh monaróirí i lámhleabhar an úinéara go bhféadfaidh an t-úinéir an córas uathGhlao éigeandála atá bunaithe ar an gcóras 112 a roghnú tráth ar bith in ionad córais uathghlao STP.**

3. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh na faighteoirí sna córais uathGhlao éigeandála comhoiriúnach leis na seirbhísí suite a sholáthraíonn córais Galileo agus EGNOS. **Féadfaidh monaróirí comhoiriúnacht le córais eile loingseoireacht satailíte a roghnú freisin de bhreis air sin.**

4. Ní ghlacfar ach leis na córais uathGhlao éigeandála sin is féidir a thástáil chun críche cineálcheadaithe CE.

**5a. Léireoidh monaróirí go dtabharfar rabhadh d'áititheoirí na feithicle má bhíonn cliseadh criticiúil ar an gcóras agus nach bhféadfaí dá dheasca uathGhlao éigeandála atá bunaithe ar an gcóras 112 ná uathGhlao éigeandála STP a chur.** 6. Beidh gach oibreoir neamhspleách in ann rochtain saor in aisce agus gan idirdhealú a fháil ar an gcóras uathGhlao éigeandála agus ar an gcóras uathGhlao éigeandála STP chun críche cothabhála i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí[15].

---

14 RO: in éadan an leasaithe seo.
15 **IO L 171, 29.6.2007, lch. 1.**

7. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 lena mbunófar na ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus tástálacha i gcomhair cineálcheadú CE feithiclí i dtaca lena gcóras uathGhlao éigeandála agus cineálcheadú CE córas uathGhlao éigeandála, comhpháirteanna díobh agus aonaid theicniúla ar leithligh.

Beidh na ceanglais theicniúla agus na tástálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír bunaithe ar na ceanglais atá leagtha amach i mír 2, 2a, 3, 4, 5a agus 6 agus ar na caighdeáin seo a leanas, más infheidhme:

**(-a) EN 15722:2011 'Córais chliste iompair - Sábháilteacht éigeandála - tacar íosta sonraí an Ghlao éigeandála';**

(a) EN 16072:2011 'Córais chliste iompair - Sábháilteacht éigeandála - Glao éigeandála Pan-Eorpach - Ceanglais oibriúcháin';

(b) EN 16062:2011 'Córas chliste iompair - Sábháilteacht éigeandála - Ceanglais ardleibhéil cur i bhfeidhm (HLAP) Glao éigeandála';

(c) EN 16454:2013 'Córais chliste iompair - Sábháilteacht éigeandála - tástáil chomhlíontachta Ghlao éigeandála ó phointe deiridh go pointe deiridh', maidir le comhlíontacht an chórais uathGhlao éigeandála leis an nGlao éigeandála pan-Eorpach;

**(ca) EN 16102:2011 'Córais chliste iompair - Glao éigeandála - Ceanglais oibriúcháin do thacaíocht ó thríú páirtí';**

(d) aon chaighdeán Eorpach eile a bhaineann leis an gcóras glao éigeandála agus a glacadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 nó Rialacháin UNECE a bhaineann le córais Ghlao éigeandála agus atá ceangailteach ar an Aontas.

**Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoi [12 mí tar éis an dáta a dtiocfaidh siad i bhfeidhm].**

8. **Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 chun na leaganacha de na caighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 7 a nuashonrú tráth a nglactar leagan nua.**

*Airteagal 6*
*Rialacha maidir le príobháideacht agus cosaint sonraí*

**-1.** **Tá an Rialachán seo gan dochar do Threoir 95/46/CE agus do Threoir 2002/58/CE. Próiseáil ar bith a dhéanfar ar shonraí pearsanta tríd an gcóras uathGhlao éigeandála, beidh sí i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta dá bhforáiltear sna Treoracha sin.**

1. Áiritheoidh monaróirí nach mbeidh an córas uathGhlao éigeandála inrianaithe agus nach mbeidh sé faoi réir aon bhuanrianaithe[16] sula ndéantar an glao éigeandála a thruicearú. **I gcuimhne inmheánach an chórais uathGhlao éigeandála, ceadaítear sonraí faoi shuímh roimhe sin a choimeád, ach ní mór na sonraí sin a scriosadh go leanúnach lena áirithiú nach gcoimeádtar ach sonraí a bhfuil fíorghá leo chun an suíomh reatha agus an treo atáthar ag taisteal a shonrú. Níor cheart do na sonraí sin bheith ar fáil lasmuigh den chóras uathGhlao d'eintitis ar bith sula ndéantar an glao éigeandála a thruicearú.**

Beidh teicneolaíochtaí um fheabhsú príobháideachta leabaithe sa chóras uathGhlao éigeandála d'fhonn an leibhéal iomchuí cosanta príobháideachta a sholáthar d'úsáideoirí Glao éigeandála, chomh maith leis na cosaintí is gá chun faireachas agus mí-úsáid a chosc.

2. Ní bheidh san áireamh sa tacar íosta sonraí arna sheoladh ag an gcóras uathGhlao éigeandála ach an íosfhaisnéis dá dtagraítear i gcaighdeán EN 15722:2011 "Córais chliste iompair - Sábháilteacht éigeandála - tacar íosta sonraí an Ghlao éigeandála (TÍS)".

**2a.** **Ní choimeádfar na sonraí pearsanta a áirítear sa chóras uathGhlao éigeandála níos faide ná mar is gá chun iad a tharchur chuig an PFSP iomchuí. Na sonraí a tharchuirtear, ní úsáidfear iad ach amháin ar mhaithe leis an gcuspóir ar tarchuireadh iad.**

**Scriosfar iad a luaithe nach mbeidh gá leo a thuilleadh ar mhaithe leis an gcuspóir ar bailíodh iad.**

[16] SI: molann sí an focal "buan" a scriosadh.

3. Cuirfidh monaróirí faisnéis shoiléir chuimsitheach ar fáil i lámhleabhar an úinéara maidir le próiseáil na sonraí a dhéantar tríd an gcóras uathGhlao éigeandála, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) tagairt don bhunús dlí don phróiseáil;

(b) go bhfuil an córas uathGhlao éigeandála curtha i ngníomh mar réamhshocrú;

(c) rialacha mionsonraithe na próiseála sonraí arna déanamh ag an gcóras uathGhlao éigeandála;

(d) cuspóir phróiseáil an Ghlao éigeandála;

(e) na cineálacha sonraí a bhailítear agus a phróiseáiltear agus faighteoirí na sonraí sin,

(f) an teorainn ama maidir le sonraí a choinneáil sa chóras uathGhlao éigeandála;

(g) nach ndéantar aon bhuanrianú ar an bhfeithicil sula ndéantar an glao éigeandála a thruicearú;

(h) na rialacha mionsonraithe maidir le cearta na n-ábhar sonraí a fheidhmiú agus an tseirbhís teagmhála atá freagrach as iarrataí ar rochtain a láimhseáil;

(i) aon fhaisnéis bhreise is gá maidir le próiseáil sonraí pearsanta i ndáil le seirbhís STP Ghlao éigeandála agus/nó seirbhísí eile breisluacha a sholáthar.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena saineofar go mion an ceanglas maidir le heaspa inrianaitheachta agus rianaithe agus na teicneolaíochtaí um fheabhsú príobháideachta dá dtagraítear i mír 1 chomh maith le rialacha mionsonraithe na próiseála sonraí pearsanta agus na faisnéise úsáideoirí dá dtagraítear i mír 3. **Glacfar na gníomhartha sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9b(2). Glacfar iad faoi [12 mí tar éis an dáta a dtiocfaidh siad i bhfeidhm].**

**<u>Más féidir, cuirfidh an Coimisiún téacs caighdeánach ar fáil sna gníomhartha cur chun feidhme a úsáidfidh na monaróirí maidir leis an bhfaisnéis a chaithfidh siad a sholáthar i gcomhréir le mír 3.</u>**

*Airteagal 7*
*Oibleagáidí na mBallstát*

Le héifeacht ón [36 mhí ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], ní dheonóidh údaráis náisiúnta cineálcheadú CE i ndáil leis an gcóras uathGhlao éigeandála ach do chineálacha nua feithiclí agus do chineálacha nua córas glao éigeandála, comhpháirteanna díobh agus aonaid theicniúla ar leithligh a ceapadh agus a tógadh do na feithiclí sin a chomhlíonfaidh an Rialachán seo agus na gníomhartha arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

*Airteagal 9*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in **Airteagal 2(2) agus** in Airteagal 5(7) a ghlacadh ar feadh **<u>tréimhse 5 bliana</u>** ón […][Publications Office, please insert the exact date of entry into force].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in **<u>Airteagal 2(2) agus</u>** in Airteagal 5(7) a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun **<u>Airteagal 2(2) agus</u>** Airteagal 5(7) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ón tráth a thabharfar fógra i dtaobh an ghnímh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, go mbeidh sé curtha in iúl don Choimisiún ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 9a*

*Gníomhartha Cur chun feidhme*

**Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9b(2), lena leagtar síos na bearta chun feidhme a leanas:**

**(a) an nós imeachta cineálcheadaithe CE;**

**(b) córas uimhrithe na dteastas cineálcheadaithe;**

**(c) an teimpléad do dhoiciméid faisnéise;**

**(d) an teimpléad do theastais chineálcheadaithe CE;**

**(e) samhail cineálcheadaithe CE.**

**Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin faoi [12 mí tar éis an dáta a dtiocfaidh siad i bhfeidhm].**

*Airteagal 9b*

*An nós imeachta coiste*

**1. Tabharfaidh "an Coiste Teicniúil - Mótarfheithiclí (CTMF), arna bhunú le hAirteagal 40(1) de Threoir 2007/46/CE, cúnamh don Choimisiún. Is coiste é de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh 182/2011.**

**2. Agus tagairt á déanamh don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh 182/2011.**

**Nuair nach dtugann an coiste aon tuairim uaidh, ní ghlacfaidh an Coimisiún aon dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh 182/2011.**

*Airteagal 10*
*Pionóis ar neamh-chomhlíonadh*

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme más rud é nach gcomhlíonfaidh monaróirí forálacha an Rialacháin seo **agus na gníomhartha a ghlacfar de bhun an Rialacháin sin.** Glacfaidh **siad** na bearta uile lena áirithiú go bhfuil **na pionóis** á gcur chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na forálacha sin, agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. I measc na gcineálacha neamh-chomhlíonta a bheidh faoi réir pionóis, beidh an méid seo a leanas ar a laghad:

   (a) dearbhú bréige a dhéanamh le linn nós imeachta formheasa nó le linn nós imeachta a mbeidh aisghairm mar thoradh air;

   (b) torthaí tástála um chineálcheadú a fhalsú;

   (c) sonraí nó sonraíochtaí teicniúla a choinneáil siar lena bhféadfaí cineálcheadú a aisghairm, **a dhiúltú** nó a tharraingt siar nó a bheith mar thoradh leis**;**

   **(d) ag gníomhú in éadan fhorálacha Airteagal 5(6).**

*Airteagal 11*
*Leasuithe ar Threoir 2007/46/CE*

Leasaítear Iarscríbhinn I, III, IV, VI, agus XI a ghabhann le Treoir 2007/46/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 12*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm leis **[36 mí tar éis dó teacht i bhfeidhm].**

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

<u>**Leasuithe ar Threoir 2007/46/CE**</u>

Leasaítear Treoir 2007/46/CE mar seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I, cuirtear isteach pointe 12.8 agus pointe 12.8.1 seo a leanas. **agus** cuirtear **12.8.2** isteach:

"12.8 Córas Glao éigeandála

<u>**12.8.1 Láithreacht: sea/ní hea (1)**</u>

12.8. **2** chur síos <u>**theicniúla**</u> nó líníocht <u>**den fheiste:......**</u>";

(2) In Iarscríbhinn III, Cuid I, Roinn A, cuirtear isteach pointe 12.8 agus pointe 12.8.1 seo a leanas:

"12.8 Córas Glao éigeandála

12.8.1 Láithreacht: sea/ní hea (1)";

(3) Leasaítear Cuid <u>**I**</u> d'Iarscríbhinn IV mar seo a leanas:

(a) Cuirtear mír 71 seo a leanas isteach sa tábla:

| Mír | Ábhar | Gníomh rialúcháin | Infheidhmeacht | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
| 71. | Córas Glao éigean dála | Rialachán (AE) Uimh. …..* | X | | | X | | | | | | |

* <u>**IO: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo le do thoil**</u>

(b) Leasaítear Iarscríbhinn 1 mar seo a leanas:

(i) cuirtear mír 71 seo a leanas isteach i dtábla 1:

| Mír | Ábhar | Gníomh rialúcháin | Saincheisteann a sonracha | Infheidhmeacht agus ceanglais shonracha |
|---|---|---|---|---|
| 71. | Córas Glao éigeandála | Rialachán (AE) Uimh. …..* | | N/B |

(i) cuirtear mír 71 seo a leanas isteach i dtábla 2:

| Mír | Ábhar | Gníomh rialúcháin | Saincheisteann a sonracha | Infheidhmeacht agus ceanglais shonracha |
|---|---|---|---|---|
| 71. | Córas Glao éigeandála | Rialachán (AE) Uimh. …..* | | N/B |

* **IO: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo le do thoil.**

**(c) Leasaítear Iarscríbhinn 2 mar seo a leanas:**

**(i) cuirtear mír 71 seo a leanas isteach i gCuid 1, tábla 4: Feithiclí ó chatagóir $M_1$:**

| **Mír** | **Tagairt don ghníomh rialúcháin** | **Ceanglais mhalartacha** |
|---|---|---|
| **71** | **Rialachán (AE) Uimh. …..**<br><br>**(Córas Glao éigeandála)** | **Ní bheidh feidhm ag ceanglais an Rialacháin sin.** |

**(i) cuirtear mír 71 seo a leanas isteach i gCuid 1, tábla 4: Feithiclí ó chatagóir $N_1$:**

| **Mír** | **Tagairt don ghníomh rialúcháin** | **Ceanglais mhalartacha** |
|---|---|---|
| **71** | **Rialachán (AE) Uimh. …..**<br><br>**(Córas Glao éigeandála)** | **Ní bheidh feidhm ag ceanglais an Rialacháin sin.** |

(4) San Aguisín a ghabhann le Samhail A in Iarscríbhinn VI, cuirtear mír 71 seo a leanas isteach sa tábla:

| Mír | Ábhar | Tagairt don ghníomh rialúcháin(1) | Arna leasú ag | Infheidhmeacht i leith leaganacha |
|---|---|---|---|---|
| 71. | Córas Glao éigeandála | Rialachán (AE) Uimh. …..* | | |

(6)**Leasaítear Iarscríbhinn IX mar seo a leanas:**

**(a)** In Aguisín 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XI, cuirtear mír 71 seo a leanas isteach sa tábla:

| Mír | Ábhar | Tagairt don ghníomh rialúcháin | $M_1 \leq$ 2 500 ([1]) kg | $M_1 >$ 2 500 ([1]) kg | $M_2$ | $M_3$ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 71. | Córas Glao éigeandála | Rialachán (AE) Uimh. …..* | **G** | **G** | N/B | N/B |

**(b) In Aguisín 2 a ghabhann le hIarscríbhinn XI, cuirtear mír 71 seo a leanas isteach sa tábla:**

| Mír | Ábhar | Tagairt don ghníomh rialúcháin | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 71. | Córas Glao éigeandála | Rialachán (AE) Uimh. …..* | G | N/B | N/B | G | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B |

**(c) In Aguisín 3 a ghabhann le hIarscríbhinn XI, cuirtear mír 71 seo a leanas isteach sa tábla:**

| Mír | Ábhar | Tagairt don ghníomh rialúcháin | $M_1$ |
|---|---|---|---|
| 71. | Córas Glao éigeandála | Rialachán (AE) Uimh. …..* | G |

**(d) In Aguisín 4 a ghabhann le hIarscríbhinn XI, cuirtear mír 71 seo a leanas isteach sa tábla:**

| Mír | Ábhar | Tagairt don ghníomh rialúcháin | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 71. | Córas Glao éigeandála | Rialachán (AE) Uimh. …..* | N/B | N/B | G | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B |

---

* **IO: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo le do thoil.**